COMHAR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA

Tá comhar breithiúnach in ábhair choiriúla bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i leith breithiúnas agus cinntí breithiúnacha, agus áirítear leis bearta chun dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú i réimsí éagsúla. A bhuí le Conradh Liospóin, is láidre an bunús atá le réimse an cheartais choiriúil a fhorbairt, agus leagtar síos ann cumhachtaí nua do Pharlaimint na hEorpa.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 82 go hAirteagal 86 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

I ngeall gur cuireadh deireadh de réir a chéile le seiceálacha teorann laistigh den Aontas, is fusa go mór atá sé do shaoránaigh na hEorpa gluaiseacht faoi shaoirse ach, chomh maith leis sin, tá sé níos éasca dá bharr do choirpigh a bheith ag oibriú go trasnáisiúnta. Chun an ceann is fearr a fháil ar dhúshlán na coireachta trasteorann, tá ar áireamh sa réimse saoirse, slándála agus ceartais (AFSJ) bearta chun comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a chur chun cinn i measc na mBallstát. Is é prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh is túsphointe don mhéid sin. Glacadh bearta sonracha chun an choireacht trasnáisiúnta a chomhrac agus chun a chinntiú go dtugtar cosaint ar fud an Aontais do chearta na n-íospartach, na n-amhrastach agus na bpríosúnach.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Príomhghníomhartha reachtacha an Aontais maidir le comhar breithiúnacha in ábhair choiriúla

1. Nósanna imeachta um ghlacadh

I gcomhréir le CFAE, is faoin ngnáthnós imeachta reachtach a dhéantar an chuid is mó de na bearta le haghaidh comhar breithiúnach a ghlacadh agus bíonn siad faoi réir athbhreithniú breithiúnach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Bíodh sin mar atá, fiú má fhágtar as an áireamh na gnéithe sonracha den limistéar saoirse, slándála agus ceartais (rogha an diúltaithe ag an Ríocht Aontaithe, ag Éirinn agus ag an Danmhairg (féach Prótacail 21 agus 22 a ghabhann le CFAE) agus ról ar leith do na parlaimintí náisiúnta (Prótacail 1 agus 2), níl comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, maille le comhar póilíneachta, comhtháite ina n-iomláine i gcreat an Aontais agus tá roinnt dá ngnéithe bunaidh ag gabháil leo i gcónaí:

— Roinneann an Coimisiún a chumhacht tionscnaimh leis na Ballstáit, ar choinníoll gurb ionann iad agus an ceathrú cuid d'Fheisirí na Comhairle (Airteagal 76 CFAE);

— Ní théitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ach i dtaobh bearta sonracha maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, a ndéanann an Chomhairle iad a ghlacadh ansin d'aontoil. In éagmais aontoil sa Chomhairle, is féidir i gcónaí le naoi mBallstát, nó níos mó ná sin, oibriú le chéile ar bhonn comhar feabhsaithe.

2. Na príomhghníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach

a. Íoschaighdeáin choiteanna le haghaidh imeachtaí coiriúla:

— Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla;

— Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla;

— Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóra in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar aon eolas nuair a chaillfear an tsaoirse agus ar an gceart cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chaillfear an tsaoirse;

— Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla;

— Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 ar choimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla;

— Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí um barántas gabhála Eorpach.

b. An comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta:

— Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

— 25 Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle.

c. An comhrac i gcoinne an éillithe, na cibearchoireachta, na calaoise agus an sciúrtha airgid:

— Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (ar a dtugtar an 'Treoir maidir le Cibearshlándáil');

— Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach;

— Treoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le pionóis choiriúla i leith drochúsáid margaidh (an treoir maidir le drochúsáid margaidh);

— Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 ar chosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh tríd an dlí coiriúil, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle;

— Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil in aghaidh na calaoise a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais;

— Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil;

— Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta;

— Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle.

d. Malartú faisnéise idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais:

— Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla;

— Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011;

— Rialachán (AE) Uimh. 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/

JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún;

— Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chionta náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (córas ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2018/1726. Tá an Rialachán sin nasctha le togra le haghaidh treorach ar ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh ina leith an 12 Márta 2019 maidir le malartú faisnéise i dtaobh náisiúnaigh tríú tír agus maidir leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)[1]. Táthar ag feitheamh faoi láthair ar fhoilsiú na Treorach san Iris Oifigiúil;

— Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse comhair póilíneachta agus comhair breithiúnach, tearmann agus imirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816.

e. Íospartaigh a chosaint:

— Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle;

— Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle;

— Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach;

— Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle.

B. Gníomhaireachtaí le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus comhlachtaí gaolmhara eile

1. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

Déanann Eurojust comhordú na bhfiosrúchán agus na n-ionchúiseamh, chomh maith le comhar idir na húdaráis sna Ballstáit, a spreagadh agus a éascú. Go háirithe, éascaíonn sé forghníomhú iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach idirnáisiúnta agus cur chun feidhme iarrataí ar eiseachadadh. Tacaíonn Eurojust le húdaráis na

[1]Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle, maidir le malartú faisnéise faoi náisiúnaigh tríú tír agus maidir leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), agus a chuirtear in ionad Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle.

mBallstát in aon tslí is féidir leis sa chaoi gur éifeachtúla iad a gcuid fiosrúchán agus ionchúiseamh i gcás na coireachta trasteorann.

Is féidir le Eurojust cúnamh a thabhairt do Bhallstát, arna iarraidh sin dó, maidir le fiosrúcháin agus ionchúisimh a bhaineann leis an mBallstát i dtrácht agus le tír nach Ballstát í más amhlaidh go bhfuil comhaontú comhair tugtha i gcrích ag Eurojust agus an tír nach Ballstát í nó gur léiríodh go bhfuil leas bunriachtanach ann.

Cumhdaíonn Eurojust na cineálacha céanna coireanna agus cionta a bhfuil Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) freagrach astu, amhail sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, góchumadh, sciúradh airgid, cibearchoireacht, coireacht i gcoinne maoine nó earraí poiblí, lena n-áirítear calaois agus éilliú, cionta coiriúla a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais, coireacht chomhshaoil agus rannpháirteachas in eagraíocht choiriúil. Is féidir le Eurojust, arna iarraidh sin do Bhallstát, cúnamh a thabhairt i bhfiosrúcháin agus ionchúisimh maidir le cineálacha eile cionta.

Tháinig creat dlíthiúil reatha le haghaidh Eurojust (Cinneadh 2009/426/GCB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le Eurojust a neartú agus lena leasaítear Cinneadh 2002/187/GCB lena mbunaítear Eurojust d'fhonn an comhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí a atreisiú) i bhfeidhm an 4 Meitheamh 2009. Ón 12 Nollaig 2019 i leith, áfach, beidh feidhm ina ionad sin ag Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin.

Foilsíonn Eurojust tuarascálacha bliantúla. Tá sé lonnaithe sa Háig, san Ísiltír.

2. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

Tá Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i bhfeidhm ón 20 Samhain 2017 i leith. Thug an Pharlaimint a toiliú do dhréachtrialachán na Comhairle sa rún reachtach uaithi an 5 Deireadh Fómhair 2017.

A luaithe a bheidh EIPO curtha ar bun, rachaidh sé i gceann a chuid cúraimí imscrúdaitheacha agus ionchúisimh ar dháta a bheidh le cinneadh, trí bhíthin cinneadh ón gCoimisiún, bunaithe ar thogra ón bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach. Beidh an dáta trí bliana ar a laghad tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le EIPO.

Déanfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle, trí bhíthin comhthoil choiteann, an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach a chinneadh ar feadh tréimhse neamh-inathnuaite seacht mbliana.

Meastar go mbeidh EIPO oibríochtúil faoi dheireadh na bliana 2020 nó i dtús na bliana 2021. Is é a bheidh ann oifig neamhspleách a mbeidh sé de chúram uirthi coireanna i gcoinne bhuiséad an Aontais, amhail calaois, éilliú nó calaois CBL trasteorann ar fiú níos mó ná EUR 10 milliún í, a fhiosrú agus a ionchúiseamh agus ceartas a riaradh i leith na gcoireanna sin.

Tá an chuid is mó de na Ballstáit i bpáirt le EIPO agus maidir leis an líon beag Ballstát nach bhfuil rannpháirteach faoi láthair, d'fhéadfaidís dul i bpáirt tráth ar

bith. Is i Lucsamburg a bheidh príomhoifig EIPO Ionnaithe, maille leis an bPríomh-Ionchúisitheoir agus Coláiste d'Ionchúisitheoirí a bheidh comhdhéanta de chomhaltaí ó na Ballstáit rannpháirteacha uile.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá ról lárnach imeartha ag an bParlaimint i dtaca le reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a mhúnlú trí thosaíocht pholaitiúil a dhéanamh den chomhrac i gcoinne na coireachta agus an éillithe. Tá obair déanta aici, ar comhchéim leis an gComhairle faoin ngnáthnós imeachta reachtach, ar chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla. Tá feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach maidir le beagnach gach réimse de dhlí coiriúil an Aontais, ach is ann do roinnt bheag eisceachtaí — lena n-áirítear, go háirithe, nós imeachta an toilithe chun EIPO a bhunú.

Is é Eurojust an phríomhionstraim chun comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a bhaint amach i measc na mBallstát. Tráth a rinneadh athchóiriú ar Europol, bhí an Pharlaimint i bhfách, ar bhonn gníomhach, le grinnscrúdú parlaiminteach níos mó a bheith ann agus le rialacha feabhsaithe maidir le cosaint sonraí.

Tá bearta maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla á bhforbairt i gcónaí, agus cuirtear béim ar leith ar an gcomhrac chun cur i gcoinne bagairtí uile-Eorpacha ar bhealach níos éifeachtaí. Tá bearta sonracha glactha ag an bParlaimint chun an sceimhlitheoireacht, an choireacht trasnáisiúnta, an t-éilliú, an chalaois agus an sciúradh airgid a chomhrac, agus chun cearta na n-íospartach, na n-amhrastach agus na bpríosúnach ar fud an Aontais a chosaint. Glacadh freisin roinnt beart atá ceaptha feabhas a chur ar an malartú faisnéise i measc na mBallstát.

Kristiina Milt
05/2019